Is é aidhm an tAontú Páras ná **teocht an domhain a laghdú** (*reduce the global temperature*) síos chuig níos lú ná 1.5 céim faoi 2030. Tá freagracht orainn uilig chun cabhrú moilliú a chuir ar an ghéarchéim aeráide. Faoi láthair tá aontú ann - 'The Paris Agreement' chun teocht an domhain a laghdú síos 1.5°C, roimh amanna an Réabhlóid Thionsclaíoch, do na tíortha forbartha. Caithfidh na tíortha saibhre, cosúil linne, seans a thabhairt do thíortha an tríú domhan, mar go bhfuil na tíortha forbartha freagrach as an ghéarchéim aeráide. Tá sé deacair dul chun cinn a dhéanamh mar ní aontaíonn gach tír le chéile agus tharraing Dónal Mac an Thrumpa na Stáit Aontaithe as an chonradh!

In the Paris Agreement, the rich countries agreed to take measures to reduce global warming to 1.5 degrees in order to help the Third World countries survive. Unfortunately, Donald Trump pulled the USA out of the deal. However, we must deliver our side of the bargain and not just pretend anymore.



Is féidir linn!! *What can I do?*

Le Zara Ní Shíail & Mollie Óg Ní Longáin

Ach, ná bígí buartha mar is féidir linn go léir tacú leis ar bpláinéad! Féach thíos:

1 - Laghdaigh, athúsáid agus athchúrsáil – *‘Reduce, Reuse and Recycle’.*

Cuireann monarchana amach dé-ocsaíd charbóin agus iad ag déanamh rudaí nua. Bígí ag deisiú bhur gcuid éadaí agus fearais in ionad rudaí nua a cheannach.

Instead of buying new things, repair and reuse items and buy second hand clothes like we used to. Don't waste paper – make sure you have a paper bin at home and recycle what you can.

2 - Scaip an scéal – *Spread the message*

Scríobh litir chuig do nuachtán áitiúil faoin athrú aeráide. Tosaigh iris i do scoil faoin timpeallacht!

Write a letter to your local paper or start a blog or magazine. Make adults responsible for their actions by our awareness raising in schools and the community.

3 - Ith do ghlasraí – *Eat your Veg*

Is iad ainmhithe cosúil le beithígh (cows) cúis le cuid de ‘heat-tapping gas emissions’. Ith níos mó glasraí agus ní bheidh gá leis an méid céanna beostoc sa domhan.

Cows farts (methane) is responsible for a huge amount of global warming and animal agriculture is destroying much of the planet. Eat more vegetables and don't be eating meat every day.



4 - Leictreachas- Electricity

Le Alannah Ni Loingsigh

Déan cinnte go dtógann tú d'fhearas amach as an mballa, fiú mura bhfuil siad in úsáid. Sábhálann sé airgead ar na billí leictreachais chomh maith!

Cut back on electricity by pulling out plugs when not in use and turning off lights.

5 - Bígí ag siúl agus ag rothaíocht – Walk and Cycle!

Le Jessica Ní Shioradain

An bhfuil a fhios agat, má shiúlann nó má rothaíonn tú míle amháin gach lá ar feadh bliana, go mbeidh tú in ann 330 punt de dé-ocsaíd charbóin a shábháil - tá sin cothrom le 4 chrann a phlandáil agus ligint dóibh fás ar feadh 10 mbliana!

6 - Ith torthaí agus glasraí áitiúil –

Eat seasonal and local fruit & Veg

Le Lucy Ni Bhradaigh

Laghdaíonn sé seo an fuinneamh a úsáidtear chun bia a fhás agus a bhogadh agus iompórtáil, agus beidh laghdú ar gáis ceaptha teasa de bharr seo.

7 - Éadaí a thriomú- Dry your clothes

Croch d'éadaí amach faoin aer chun iad a thriomú, sábhálfadh sé fuinneamh gan an triomadóir a úsáid.



8 - Scríobh litir – *Write a letter*

Scríobh litir chuig do pholitóir aitúil, an Taoiseach nó fiú an tUachtarán ag impí orthu athraithe a chuir i bhfeidhm a cabhróidh le athrú aeráide.

9 - Múch na sconnaí! - *Turn off the taps!*

Le Maci Ni Uiginn

Fágann roinnt daoine an sconna ar siúl agus iad ag ní a chuid fhiacra - cuirfidh amú 35,000 lítir uisce ag gach clann gach bliain.

10 - Seachain plaisteach aonúsáide– *Avoid single-use plastics*

Seachain plaisteach aonúsáide a úsáid, cosúil le malaí, buidéal agus cupáin plaisteach.

11 - Méarfaisean - *Fast Fashion*

Tá an-chuid comhlachtaí éadaí ag déanamh an iomarca éadaí. Bíonn an iomarca éadaí agus cuireann daoine iad amú is go minic landáilann siad i líonadh talún (landfill), ag déanamh dochar mór don timpeallacht.

Conas is féidir linn cabhrú leis an fhadhb?

Is féidir linn tacú le comhlachtaí a mbíonn ag cleachtadh ‘sustainable fashion’, ciallaíonn sé seo go n-íocann siad pá maith dá gcuid oibreoirí (90% díobh mná), agus go n-úsáideann siad fabraic orgánach, nach ndéanann truailliú ar an bpláinéad. Ansin, mairfidh ár gcuid éadaí níos faide agus ní bheidh gá leis an méid céanna éadaí a cheannach. Is féidir linn freisin, éadaí a cheannach i siopaí dara-láimhe.

Greta Thunberg

Le Caoimhe Ni Dhaibhí & Molly Nic Risteard

Is gníomhaí í ar son an timpeallachta í Greta Thunberg. Is as an tSualainn í. Cé nach bhfuil sí ach seacht mbliana déag d'aois, tá an éifeacht aici ar chúrsaí maidir leis an timpeallacht ar fud an domhain. Tugann sí óráidí chuid polaiteoirí móra agus iad ag teacht le chéile chun tábhacht athrú aeráide a phlé.

Ag Dul Ar Stailc i gcomhair an Ghéarchéim Aeráide 'Fridays for Future' School Strikes for Climate Change

Tháinig Greta Thunberg suas leis an smaoineamh chun seachain dul ar scoil gach Aoine, ionas go ndéanfaidh daoine fásta níos mó iarracht dul i ngleic leis an athrú aeráide. Tá Greta ar stailc ón scoil gach Aoine ar feadh dhá bhliain anuas, agus ní stopfaidh sí go dtí go mbeidh réiteach leis an fhadhb (a solution to the problem).



Cad is féidir liom a dhéanamh chun cabhrú?

Le Gavin De Paor & Aoibhe Ní Neill

Ar Scoil

- Is féidir leat Lá Glas a eagrú ar scoil, agus eolas a thabhairt do na daltaí agus múinteoirí faoin ghéarchéim aeráide.
- Eagraigh nó bí i do bhall den Choiste Glas ar scoil, chun an timpeallacht a phlé agus é a chuir chun cinn i sochaí na scoile.
- Agraigh 'Stailc ar son Athrú Aeráide' ar scoil, cosúil le Greta Thunberg. Déan cinnte agus cead a fháil ó bhur dtuismitheoirí agus an scoil...!
- Chuir ceist ar do scoil níos mó leabhair a chur sa leabharlann faoi athrú aeráide.
- Déan gairdín sa scoil!

Lasmuigh den scoil

- B'fhéidir go bhfuil tú in ann cainéal You-Tube nó 'Instagram' a thosacht faoin ghéarchéim aeráide! Féach ar dhoiciméadach faoi athrú aeráide. Nó, déan doiciméadach faoin timpeallacht i do cheantair!
- Bí ag plandáil do ghlasraí féin.

Bí ag foghlaim! Educate yourself!

Tá an-chuid áiseanna amuigh ansin, ar an idirlíon nó i leabhar, chun foghlaim faoin ghéarchéim aeráide. Féach thíos:

Leabhair le léamh -

- '*Climate Justice*' - Mary Robinson
- '*No one is too small to make a Difference*' Greta Thunberg
- '*A Planet Full of Plastic*' - Neal Layton
- '*It's Your World: Get Informed, Get Inspired, & Get Going*' - Chelsea Clinton

Podchraoladh chun éisteacht leis -

- Ecolution - RTÉ Junior
- Mothers of Invention - Feminist solutions to Climate Change le Mary Robinson agus Maeve Higgins
- Kids on Climate Change

Daoine cáiliúil a mbíonn ag obair ar son an timpeallacht -

David Attenbrough, Leonardo Di Caprio, Mary Robinson
Greta Thunberg, Eamon Ryan



Ag Cosaint an Fharraige – Plaisteach san Fharraige *Plastic Polluting Our Oceans*

Le Hannah Ni Mhaoleimhin

An bhfuil a fhios agat, má chaitheann tú píosa plaisteach ar an tsráid go bhfuil seans ann go mbeidh sé san fharraige? Conas a tharlaíonn sé seo? Nuair a chaitear bruscar ar an tsráid, in amanna is féidir go landáiligh sé san fharraige. Is minic a théann an bruscar ón tsráid isteach i ngáitéar (gutter), agus scaoileann na draenacha seo amach in abhainn agus san fharraige. Déanann an bruscar seo dochar mór don fharraige, agus bíonn an fharraige truaillithe (polluted). An bhfuil a fhios agat go dtagann beagnach 50% den phlaisteach san fharraige ó líontaí iascaireachta (fishing nets).

“Eist le fuaim na habhann agus gheobhaidh tú breac”
“Listen to the sound of the river and you’ll get the trout”

Oileán Bruscair an tAigéan Ciúin ***Giant Plastic Islands Bigger than France!***

Le Vseslav Kozlov

Faoin fharraige, bogann an bruscar go léir i dtreo amháin mar gheall ar ghaoth agus cruthaíonn sé seo beart mór bruscar (plastic island) ar thalamh an fharraige. Mar shampla, tá beart mór bruscar sa tAigéan Ciúin, agus tá na milliún píosaí plaisteach beaga agus móra ann. Deirtear go bhfuil an beart mór bruscar seo níos mó ná roinnt tíortha. Cuireann an bruscar seo saol na hainmhithe i gcontúirt mhór. Uaireanta, déanann na hainmhithe iarracht na píosaí plaisteach a ithe agus faigheann siad greamaithe sa bhruscar, agus faigheann thart ar 1 milliún éin bás de bharr seo gach bliain. Ina theannta sin, gach bliain faigheann thart at 100,000 ainmhithe san fharraige bás de bharr an bruscar.

Is féidir linn aire a thabhairt dár dtimpeallacht áitiúla chun an fhadhb seo a stopadh, agus cabhróidh sé seo leis na farraige a choimeád glan agus na hainmhithe a choinneáil slán. Tar le chéile agus eagraigh lá chun do cheantar a ghlanadh suas le do chuid comharsana! Bí ag athchúrsáil, seachain plaisteach aonúsáide (single-use plastic) agus gearr siar ar iasc.



Slán go Feoil? *The Meat Debate*

Tá go leor daoine ag rá 'Slán go Feoil' le déanaí agus ag ithe glasraí ach tá dhá thaobh le gach scéal. Éist leis an dá thaobh agus déan suas d'aigne féin.

The number of vegetarians and vegans is increasing but there are two sides to every tale, so listen and make up your own mind.

'Slán Go Feoil' - Go Vegetarian

Le Séamus Ó Diomsaigh

D'éirigh mé as an feoil ar trí fáth:

I stopped eating meat for 3 reasons:

1 - Tá an fheoil ag scriosadh an pláinéad. Úsáidtear an chuid den talamh i gcomhair feirmeoireacht d'ainmhithe. Baineann feirmeoirí úsáid as 80% den talamh fa choinne ainmhithe. Tá 90% den Amazon scriosta i gcomhair feirmeoireacht ainmhithe. Tá cac ó na hainmhithe ag truilliú an domhan agus tagann beagnach 20% den téamh domhanda ó ainmhithe.

Meat is destroying the planet. 80% of farmland is used for animal agriculture though it only provides 18% of the world's calories. 90% of the destruction of the Amazon rainforest has been for animal agriculture. Animals account for roughly 20% of all greenhouse gases and this is on course to increase by 80% by 2050. One third of the world's water is used for dairy and meat while 1.2 billion people suffer water shortages. Do the maths. We use 600 gallons of water to produce one quarter pounder burger, that's more water than you use by taking a shower every day for a month!

2 - Níl an fheoil mhaith don tsláinte. Tá sé lán le ceimicí agus cothaíonn sé a lán tinneas sa chorp. Tá daoine in Éirinn ag éisteacht le múinteoirí agus tuismitheoirí ó aois óg ag rá go bhfuil an fheoil shláintiúil ach níl sé agus itheann

muid trí mhéid níos mó ná caoga bhliain ó shin. Is féidir leat do proteins a fháil ó fhoinsí eile mar lentils, glasraí glas & rl. Chaill mé go leor meáchan nuair a d'éirigh mé as an fheoil agus imríim a lán spórt.

I lost a lot of weight when I stopped eating meat because it is full of fat. It is also full of chemicals and it causes many diseases such as heart disease, cancer, diabetes etc. People in Ireland are brainwashed from an early age to eat meat and dairy but this is because it is a business and makes money for corporations and farmers. I get healthier protein from lentils, spinach etc and I play a lot of sport.



3 - Ní aontaím leis an bhealach ina maraítear 60 billiún ainmhithe gach bliain. Tá sin dochreidte agus tá ár gcinn sa ghaineamh faoi, cosúil leis an ostrich. I gceann 50 bhliain beidh daoine ag féachaint ar ais ar an tréimhse mar dhrocham d'ainmhithe. Fosta, bíonn drochshaol ag na hainmhithe sna monarchana, brúite isteach le chéile ag fáil galair agus ag marú a chéile. Níl mé compordach le seo.

Irish people have their heads in the sand and don't admit that we have factory farms like everywhere else, where millions of animals are slaughtered, after a life of cruelty, where they have to live on top of each other and are treated appallingly. We slaughter 60 billion animals worldwide a year yet still show pictures of chickens running in farms in our school books. I also believe eating fish is unethical as 46% of all plastic in the ocean is from fishing nets. Vegetarian cooking is so much tastier and full of colour and variety. I have faith in the young generation who will bring real change to our society.

Ith suas do Fheoil - *Eat up your Meat!*

Le Siobhan Ní Bhroin

Ithim feoil mar - *I eat meat because -*

1 - Tá feoil agus bainne ag tabhairt obair do an-chuid daoine faoin tuath. D'fhás mé suas ar fheirm agus muna féidir linn ainmhithe a bheith againn, bheadh orainn an fheirm a dhíol tar éis trí chéad bhliain sa chlann. Tá an fheirm an-tábhachtach do mhuintir na tíre.

Dairy and beef farming is a very important part of rural life in Ireland and, if we take it away, society in the countryside will be in real trouble. I grew up on a farm and we always treated our animals well. Our life centred around milking the cows, going to the mart etc and Macra na Feirme. We would have to sell our farm after 300 years in our family and we won't survive on soya beans and strawberries.

2 - Tá feoil go maith duit. Chuir daoine in Éirinn luach air i gcónaí. Tá eolas agat faoi na scéalta ar fad faoi 'An Tain Bó Cuailgne' agus 'An Glas Gaibhleann' agus léiríonn siad an tábhacht le feoil ins an tír seo. Faigheann tú do protein ó feoil agus éireoidh tú lag má stopann tú ag ithe feoil agus ag ól bainne nó ag ithe cáis. Bíonn na weightlifters ag ithe sicín agus uibheacha i gcomhair neart agus tá sé tábhachtach do na spoirt uilig. An bhfaca tú feoil seinnteoir (Vegetarian) láidir riamh?




3 -Tá bainne maith fa choinne do chnámha agus do calcium. Má stopann tú caithfidh tú táibléid a ithe. Tugann feoil iarann fásta agus éireoidh tú lag gan feoil agus beidh ort dul ar ais air.

Milk, and milk products, give us calcium and make our bones strong and if you stop taking dairy products you might have to take a supplement. Meat gives us iron and, without it, we get weak and have to go back on it or take supplements.

4 - Is ainmhithe muid agus ón tús mharaíomar ainmhithe eile nó beimid marbh. Ní maith le haon duine ainmhí a mharú ach níl aon dul as.

Nobody likes to kill animals but we are animals ourselves and have always hunted and killed animals to survive. We have no choice.

Anois tá súil agam gur léigh tú an dá thaobh den scéal. Tá pointí maith ag an bheirt acu. Cad a cheapann tú?



Bí ag foghlaim i gcónaí agus ag fiosrú, mar a dúirt Socrates.

I hope you read both articles. Both Seamus and Siobhan make good points. Always remember there are two sides to every argument and you must always ask questions, find out and make up your mind about different debates and ideas as you get older.

Déan Rud Amháin- Do one thing now!

Le Sam Ó Faoláin & Elliot Ó Caisín

Chuireamar ceist ar roinnt duine sa cheantar rud amháin gur féidir a dhéanamh chun an domhan a shábháil.

We asked a number of people in the area to list one thing we can do to save the planet. Seo roinnt freagraí -

Cuileann Ní Fiannai- “Ná ceannaigh plaisteach. Is féidir leat rudaí mar scuab fiacail as bamboo a cheannach nó sífín (straws) pháipéir.”

Tom Mulligan- “The world population has skyrocketed over the last 100 years. Maybe there’s too many people on the planet, except in Leitrim, there’s not enough people in Leitrim!”.

Daniel ‘Bang-Bang’ Lambert- “Ná bí ag dul ar eitleáin. Tá a lán rudaí iontach le feiceáil timpeall orainn”.

Declan O’ Beirne- “Cut the grass in your garden only once, at the end of the Summer. It is food and habitat for pollinators. Use a manual lawnmower if you have to”.

Larry Cunningham- “Cycle to the shops. A lot of groceries can fit in a backpack”.

Muinteoir Bradley- “Cruthaigh rudaí ag úsáid ‘single use plastics’ in ionad iad a chur sa bhosca bruscair”.

Danny MacPhaidin “Don’t be fishing with tractors or explosives like the fellows up in Donegal”.

Séamus Ó Tansaigh- "Cuir Mattress Mick i gceannas ar an tír".



Séamus mcGrattan- "Gearr siar ar uisce sa bhaile".

Celine Ní Cheallaigh – "Get up on yer bike, it's handy for getting home at night after the Bingo".

Paula Ní Fhionnagain- "Siúl go dtí an baile mór. Tá Cabrach in aice leis. Faigh réidh leis an trácht i mBaile Phib".

Millie Ní Alcóc- "Coinnigh na carranna as Páirc an Fionnuisce"

Gabhan agus Roibeard De Paor- "Is féidir leat do mhala a úsáid arís agus arís eile. Tá an iomarca phlaisteach sa domhan".

Andreza Alvares Batista- "Get rid of our Brazilian president Bolsonaro and save the Amazon rain forest".

Cerena Ní Bhroin- "Téigh ar na hagóidí agus cuir brú ar na húdaráis agus an Rialtas rudaí a athrú".

Travis Mac an Traonaigh – "Cuir Kim Jung Un agus Trump ar roicéad le cheile go dtí an gealach".



Tomas Carolan – "Stop eating eating meat but janey I'd love an aul sausage roll".

Paul Farrell- “Save the green areas. Let flowers and grass grow wild and let biodiversity flourish”

Eamon Mac an Uisce- “Ná caith amach do sheanádaí, Chaill meáchan agus beidh siad deas ort arís”.

Deirdre Wexler – “Turn off the light when you leave a room – it’s only a habit”.

Muinteoir Nadine- “Stop ag ithe feoil. Tá sé ag scriosadh an domhan. Bhí mise sna Craobh Domhanda Kickboxing agus ní ithim feoil”.

Karla Braga- “Stay away from McDonalds and kashasha. Be healthy and go to the gym and eat well”.

Eric Glanmore- “Téigh go Loch Garman ar do laethanta saoire do na strawbobs agus na bac leis an eitleán”.

Múinteoir Brian- “Mise an duine a thosaigh an réabhlóid ghlas i gCabrach blianta ó shin, tá mé an sásta go bhfuil na páistí ag obair go dian air. Lean leis an feachtas agus cuir brú ar na daoine fásta athrú a dhéanamh. Agus fan amach ó na sausage rolls”.

Seanfhocail ón Dúlra- *Old sayings from Nature*

Le Daire Mac Eoghain & Leon O Max Ó Floinn



'Imíonn na daoine ach fanann na cnoic'
'People come and go but the hills always remain'

'Is glas iad na cnoic i bhfad uainn'
'Far away hills are green'

'Geal leis an bhfiach dubh a ghearrcaigh féin'
'Everyone thinks their own are the most beautiful'

'Téann an dúchas go smior'
'Your heritage and culture go deep'

'Ag tuile is ag trá a chasann an taoide'
'Life ebbs and flows'

'Aithníonn ciaróg ciaróg eile'
'It takes one to know one'

'Éist le fuaim na habhann is gheobhaidh tú breac'
'Nature will give you the answers'

'Chomh binn le smólach'
'As sweet as a thrush'

Chomh séimh l'uan'
'As gentle as a lamb'

'Is dána gach madadh ina dhoras féin'
'Every dog is bould in his own house'

Roinn D - Stair Cabraí

Section D - The History of Cabra

Tá an chuid stair aitiúla a bhfuil an suimúil timpeall orainn i gCabrach. Seo roinnt scéaltaí faoi stair an cheantair aitiúla. Bigí brodúil as bhúr ceantar agus déan roinnt taighde ar an stair a bhfuil bainteach leis!



Sean Chabrach – fadó fadó

Fadó i gCabrach, bhí abhainn álainn darbh ainm An Brad (án) Óg a chuaigh síos go dtí An Life. Téann sé faoin scoil agus feiceann tú é áit ina bhfuil na manhole covers in aice na rothair, ar thaobh na scoile. B'fhéidir gur tháinig an Bradán Feasa ón abhainn sin agus sin an fáth go bhfuil páistí i gCabrach chomh cliste.

Ag an am sin, bhí Fionn agus na Fianna ag rith timpeall Chabrach ag fiach agus ag imirt iomána agus camógaíocht. Labhair gach duine Gaeilge ag an am sin. Ansin, tháinig na Lochlannaigh.

Na Lochlannaigh

Tháinig na Lochlannaigh go Baile Átha Cliath i 795, chun ór, airgead agus seoda(jewels) a aimsiú agus chun ionsaí a dhéanamh ar na mainistreacha. Thaitin Éireann leo agus d'fhan siad. Thosaigh siad amach i dtosach báire i 'Woodquay', agus ansin bhog siad amach go gCabrach agus

na ceantair timpeall orthu cosúil le Baile na gCloch (Stoneybatter). Fós sa lá atá inniu ann tá an-chuid logainmneacha i Stoneybatter; Bóthar Stíric, Bóthar Cigurd, Bóthar Harold, Plás Thor agus Bóthar Oxmantown.

D'fhoghlaim siad Gaeilge agus iomáint agus d'ól siad sa Cabra House. Cúpla chead bhliain ó shin bhí na teorann(border) idir pharóiste Chabrach, Caisleán Chnocha agus Glasnaíon ag an timpeallán ag an Bogies, áit ina raibh John Toler ina chónaí.

John Toler- 'The Hanging Judge'

'1st Earl of Norbury' an teideal a bhí air agus bhí leasainm 'the hanging judge' air, mar chuir sé an chuid daoine chun bás nuair a bhí sé ag obair mar bhreitheamh (judge). Ba dlíodór, polaiteoir agus breitheamh é. Bhí sé mar 'Chief Justice of the Irish Common Pleas' idir 1800-1826, agus ansin mar 'Attorney General' na hÉireann.

Mar Ard-Aighne, bhí sé i gceannas ar ionchúiseamh a dhéanamh air daoine (punishments) a bhí i mbun ar Réabhlóid na hÉireann 1798. Bhí cónaí air ag 'Cabragh House' a raibh lonnaithe ar coirneáil Bóthar Fassagh agus Sráid Rathoath. Rugadh é i mBaile an Aonaigh, agus d'fhreastail sé ar meanscoil Coláiste Cill Chionnaigh agus ar an ollscoil i Coláiste na Tríonóide. Chuir sé Robert Emmett chun báis in 1803. Ansin tháinig an chlann Seagrave.

Henry Seagrave



Rugadh Henry Seagrave in 1896 i Baltimore sna Stáit Aontaithe Meiriceá, lena Maim ó Mheiriceá agus athair ó Éirinn. Thóg an chlann Seagrave teach i gCabrach a chríochnaigh siad ag tógáil i 1598. Na blianta ina dhiaidh, d'athraigh teach Seagrave go dtí clochar (convent) Cabrach a bhfuil aithne againn air inniu. Tógadh Henry Seagrave in Éirinn, d'fhreastail sé ar Choláiste Eton i Sasana, agus ba cheannródaí (pioneer) é i gcúrsaí curraíocht talamh agus curraíocht uisce, agus bhí sé an chéad duine chun taisteal ag luas níos mó ná 200 míle san uair i ngluaisteán.

Bhí sé an chéad duine sa domhan a raibh an taifead luas domhanda (world speed record) aige i gcomhair charr agus bád ag an am céanna. Faraor, fuair sé bás mar bhí sé ag dul ró thapaidh. Dá mbéadh sé beo anois, tá súil nach mbeidh sé ag déanamh doughnuts ar Faussagh ar a Honda 50. Ansin, thóg siad an Canal Ríoga.

An Canáil Ríoga-Royal Canal

Bhí an Chanáil Ríoga tógtha ar dtús i gcomhair iompar eachtraí agus longa paisinéir go dtí Longford ach níl a fhios agam cén fáth a mbeadh aon duine ag dul go Longfort, ach amháin go dtí an Marquee in Drumlish.

Tháinig damáiste ar an gcanáil in san 20ú aois, ach tá sé fós in úsáid don stingseoireacht. Tá an Chanáil 145km ar fad.

Bhí an Chanáil críochnaithe i 1817. Tosnaíonn sé i


Termonbarry agus críochnaíonn sé i Spencer Dock.

Tá an Chanail cosúil le habhann ach tá sé piosa beag difriúil

agus tá sé an-fhada. Agus, tá an Chanáil in aice le staisiún traenach. Bíonn a lán lacha air agus eala.

The Royal Canal is a canal that was originally built for freight and passenger transportation. The canal fell into disrepair in the late 20th Century but it has been restored for navigation. The canal is about 90 miles long (145km). The starting point is in Termonbarry and ends in Spencer Dock, Dublin. Is maith linn siúl suas go Baile Na Fuinseoige fa choinne seacláid te. Shiúl William Hamilton ar go minic.

William Rowan Hamilton



Rugadh William Rowan Hamilton ar an ceathrú de mhí Lúnasa sa bhliain 1805 i mBaile Atha Cliath. D'oibrigh sé mar mhataimateoir. Bhí sé an chéad matamaiticeoir ag an aois 18 mbliana d'aois. Bhunaigh sé algebra san ábhar Mata. Fuair sé bás sa bhliain 1865. Tá plac dó ag Droichead Broome ar an gCanal chun cuimhneamh a dhéanamh air. Lá amháin bhí sé ar shiúlóid ag dul síos an canáil. Scriobh sé an cod $1=j=1j$ ar an chloch chun é a cuimhneamh. Déanaimid cuimhneamh ar tríd an "Hamilton Walk" a dhéanamh gach bliain ar an 16u de mi Deireadh Fómhair.

When William was nearly two, he was sent to live with his father's brother James who lived in Meath. When he was five, he could translate Latin, Greek and Hebrew and he could recite Homer, Milton and Dryden. He didn't have time for telly and ate all his cabbage and spuds. When he was walking through Cabra one day he was so inspired by the beauty that he came up with a famous Maths theory, that is why we remember him on Maths Day.

Margadh Bó - The Cattlemart



Bhí an Margadh Bó in aice le Hanlons Corner agus fós glaonn siad an cattlemart ar na tithe. Áit iontach tabhachtach (important) a bhí ann ar feadh na céadta bliain. Shiúl na feirmeoirí na bó ó Chontae na Mí síos Ascal Chiarduibh (Blackhorse Ave) agus bhíodh na daoine ag cur an cac bó (cow dung) ar na plandaí agus sa tine. Nuair a bhí na beithígh (cattle) díolta ag na feirmeoirí d'fhán siad in dhá óstan, an 'City Arms' agus Hanlons. Ní maith liom dul ar mo laethanta saoire san 'City Arms' anois. Chaith roinnt de na feirmeoirí a lán airgead san óstán agus bhí siad i 'Teach na Madraí' nuair a chuaigh siad abhaile.

McKee Barracks

Tógadh Beairic McKee i 1888, ag am a raibh Éireann faoi riail na Sasanaigh. Nuair a thógadh é chaill an t-ailtire (architect) na pleananna agus chuaigh siad go India. Agus, fuair an bheairic in Calcutta an foirgneamh mícheart agus thóg siad an cheann Indiach anseo. Bhí ainm Beairic Malborough air i dtús báire, agus ainmnigh siad 'Beairic McKee' in ómós fear darbh ainm Mick McKee, a throid i monarcha Jacobs i Eirí amach na Cásca 1916. Fuair sé bás ar Dhomhnach na Fola i 1920.



Cabrach i 1916

I mí Aibreáin 1916, ag Éirí amach na Cásca, tháinig caoga saighdiúirí go Cabrach chuig Séipéal Naomh Peadair (St. Peter's Church) chun baracáid a thógáil in aghaidh trúpaí na Breataine a raibh ag teacht ó bhóthar na hUaimhe, agus iad ag iarraidh ionsaí a dhéanamh ar chathair Baile Átha Cliath. Nuair a rinne na Bhreatánaigh ionsaí orthu i gCabrach, maraíoch naonúir, duine amháin ina shaighdiúir agus ochtar duine eile. Rinne an-chuid daoine i gCabrach bia do saighdiúirí Éirí Amach na Cásca. N'fheadar an bhfuair siad spice bags nó chicken fillet rolls.

Tógáil Cabrach

Tógadh Cabrach sa bhliain 1929, le na chéad cúpla teach ar bhóthar Faussagh, toisc go raibh a lán daoine ag teacht ó na tenements, i lár na cathrach, go Cabrach. Ansin, tógadh níos mó títhe ar Shráid Beggsboro. Inniu tá thart ar 23,000 ina chónaí i gCabrach.

Tháinig an chuid daoine ó na tenements i lár na cathrach, áit a raibh fíor bhochtannas. Bhíodh clann iomlán i seomra amháin le leithreas amháin idir 200 duine, gan uisce ceart. Bhí na títhe i gCabrach mar pháláis do na daoine sin. Ba chóir do gach duine i gCabrach cuairt a thabhairt ar an 'Tenement Museum' ar Shráid Henrietta, ionas go dtuigfidh muid cad as ar tháinig muid.

Cabra Grand Bingo hall

D'úsáid siad an Halla Biongó mar phictiúrlann sula raibh sé ina Halla Bingo. D'oscail an phictiúrlann ar an 17ú lá de Mhí Aibreáin i 1949, 71 bhliain ó shin. Bhí sé le bheith ina bhainc ach d'athraigh siad é go dtí pictiúrlann. Bhí an phictiúrlann deartha ag Samuel Lyons. Deirtar go raibh taibhsí sa halla. Ach, fuair sé beannaithe ó shagart agus sin an fáth go mbuann daoine airgead ann anois.

Pairc John Paul/ The Bogies

Is páirc é Páirc John Paul (Bogies) atá suite ar Bhóthar Ratoath. An leasainm atá ar Pháirc na Bogies. S'é 'boget' ná carráiste a théann ar rianta traenach (train tracks) agus bhíodh siad ag iompar clocha ó bhóthar Quarry go dtí an Bogies fadó. Agus cheap mise gur tháinig an t-ainm ó na 'bogies' a bhíodh ag crochadh thart ansin fadó. Fadó, bhí feirm ann freisin. Ba leis na mná rialta an talamh. Bhí troid mhór idir an feirmeoir agus na mná rialta faoin talamh. Is leis an Chomhairle na Bogies anois. Imríonn a lán foireann peile ar na páirceanna ann mar Naomh Fionnbarra, Dingle Utd agus Broombridge.



Church of the Most Precious Blood

Tógadh ár séipéal paróiste 'Church of the Most Precious Blood' i gCabrach timpeall 1957. Ar dtús, bhí sé déanta as tin agus bhí sagart ann darbh ainm Father Flash, a dúirt an aifreann i 14 nóiméad. Sa séipéal seo, ceiliuríonn muid an bealach atá muid páirt d'Iosa nuair a thagann muid le chéile chun baistiú, an Chead comaoineach agus an Coneartú, ag ceiliúradh le chéile, chomh maith leis an t-Aifreann ar an Domhnach. Bhí Daniel O'Donnell ag canadh ansin cúpla bhliain ó shin ach níl a fhios agam an raibh Dickie Rock naofa go leor.

Sudocrem




An raibh a fhios agat gur thosaigh Sudocream i gCabra! Bhí fear darbh ainm Tomas MacGabhann ag obair sa phoitigéir in aice le Clarke's in 1931 agus thosaigh sé ag díol 'Soothing cream'. Ach ghlaoigh na Dubs sudacream air agus d'athraigh siad an t-ainm i 1950. Anois, díoltar é ar fud an domhain agus is rud iontach é!

Spóirt i gCabrach

Steve Collins

Is dornálaí é Steve Collins ó Éire, a d'fhás suas i gCabrach. Tá aithne air mar 'The Celtic Warrior', agus bhí sé mar dhornálaí ó 1986-1997. Bhuaigh sé an 'WBO Middleweight Champion', agus bhuaigh sé a dhá dornálaí cailiúil Chris Eubank agus Nigel Benn. Bhuaigh sé go leor teideal Éireannacha sula raibh sé ina dornálí proifisiúnta.



Bohs FC

Tá club sacar 'Bohemian FC' lonnaithe i mbaile Phib i mBaile Átha Cliath. Bunaíodh é i Meán Fómhair 1896, agus Dalymount is ainm don pháirc imeartha, a bhfuil in ann ghlacadh le 4,300 daoine.

Tá go leor buaite acu thar na bliant agus d'imir Pele agus Bob Marley ann sna 70s ach ní bhfuair siad a áit ar fhoireann Bohs. 'Bohs till I die'.

Liam Whelan

Rugadh Liam Whelan i mBaile Átha Cliath i 1935, agus d'fhás sé suas ar Bhóthar Attractra i gCabrách. D'imir sé do Chlub Homefarm agus ansin do fhoireann 'Manchester United' 98 uair, áit a scóráil sé 52 cúil. Bá é an t-imreoir is fearr é ó 1956-1957. Fuair Liam Whelan bás i dtubáiste aer Munich i 1958, áit a bhfuair 22 duine eile bás. Tá sé curtha i Reilig Glasnaíon, agus tá plaic in ómós dó ar 'Droichead Liam Whelan'.

Naomh Fionnbarra

Is club CLG é Naomh Fionnbarra atá lonnaithe i gCabrach i mBaile Átha Cliath. Tá an club in aice le Gaelscoil Bharra. Thosaigh an club sa bhliain 1945. Imríonn siad na cluichí ar na páirceanna sa Bogies mura ghlaonn muintir na háite ar John Paul II Park. Tá páirc nua tógtha anois in aice leis an gclub.

D'éirigh go hiontach leis an gclub i gcónaí. Bhuaigh siad an chraobh san iomáint i mBaile Átha Cliath go minic. S'é na Barrs croílár an phobail (the heart of the community) sa cheantar. Déanann siad a lán obair deonach sa cheantar agus cuidíonn siad le daoine óga agus aosta.


Tá a lán imreoirí cáiliúil acu a d'imir le Baile Átha Cliath. Bhuaigh Eamon 'Trollier' Dillon a lán boinn san iomáint agus táimid an bhródúil as imreoirí mar Rian Ó Corlaigh, Karl Ó Greachain agus Siobhan Nic Eochaidh a imríonn leis an chontae. Na barrs Abú!

Spórt Fadó i gCabrach

Fadó, bhí spórt bunaithe ar fiach leis an hainmhithe agus ansin bhí ar na hainmhithe troid lena chéile agus bhíodh cearrbhachas ar siúl (gambling). Bhíodh a lán daoine ag an cattlemart thíos an mbóthar agus an spórt a bhí acu ná coileach ag troid (cock-fighting), madraí ag troid agus dornálaíocht gan lámhainní (bare knuckle boxing). Uair amháin, bhí 2 bheár ag troid thíos in aice le Tesco ar Shráid Prussia agus d'éaligh ceann díobh agus bhí raic ar na sráideanna.

Chomh maith le sin, bhí suim ag daoine i dtroideanna idir slua mór daoine agus fuair a lán daoine bás ag na 'faction fights' seo. Níor thosaigh na cluichí le rialacha mar iomáint agus peil go dtí na 1880s agus, ag an tús, bhí ar an réiteoir bata a bheith ina lámh s'aige i gcomhair chosaint (protection). Táimid iontach 'civilised' anois!

Gaelscoil Bharra Fadó



Bunaíodh an scoil le 26 dalta i 1996 agus bhí orainn fanacht 21 bhliain fa choinne foirgneamh. Bhíomar sna botháin (prefabs) ar feadh tamall fada. Sa Gheimhreadh, bhíomar préachta agus bhí leac oighir sna leithris. Bhí comórtas gach bliain chun an méid luchóga a fháil i ngach seomra agus bhí nead ag Lusaí Luch sa phianó, sa hoover agus i mbosca lóin Múinteoir Seán. Bhí a lán craic againn sna prefabs agus bhí brón orainn nuair a leag siad iad.

Bhí orainn a lán agóid (protests) a eagrú agus bhíomar i gcónaí ar an teilifís agus sna nuachtáin agus bhí aithne againn ar gach polaiteoir. Sa deireadh scríobh tuismitheoir amhrán 'Cá bhfuil ár scoil?' a bhí Uimhir 4 sna charts. Dhíol sé níos mó cóip na Robbie Williams agus Madonna agus sa deireadh bhí ar an rialtas scoil nua thógáil dúinn mar bhí siad cráite linn.

Táimid an-bhródúil go bhfuil Naíonra Bharra agus meánscoil, Coláiste Mhuire agus Scoil Caitríona, sa cheantar – 'Gaeilge ón chliabhán go dtí an coláiste'.